**An chuid oibríochtúil**

(1) Diúltaítear don chaingean.

(2) Ordaítear do Ana Maria Alves Casas na costais a íoc.

---

(1) IO C 2, 3.1.2022.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 26 Aibreán 2023 – Grillküche v EUIPO – Targa (Gléas gríosctha)**

**(Cás T-757/21)** (1)

***(Dearadh Comhphobail – Imeachtaí neamhbhailíochta – Dearadh Comhphobail cláraithe lena léirítear gléas gríosctha – Nochtadh an deartha níos luaithe – Airteagal 7(2) de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002)***

(2023/C 216/56)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir*: Activa – Grillküche GmbH (Selb, an Ghearmáin) (ionadaithe: F. Stangl agus M. Würth, Dlíodóirí)

*Cosantóir*: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: G. Sakalaitė-Orlovskienė agus J. Ivanauskas, i gcáil Gníomhairí)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO, ag idiragairt os comhair na Cúirte Ginearálta:* Targa GmbH (Soest, an Ghearmáin) (ionadaí: M.-H. Hoffmann, Dlíodóir)

**Ábhar**

Lena chaingean faoi Airteagal 263 de CFAE, iarrann an t-iarratasóir go neamhneofaí an Cinneadh ón Tríú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 4 Deireadh Fómhair 2021 (Cás R 1651/2020-3).

**An chuid oibríochtúil**

(1) Diúltaítear don chaingean.

(2) Ordaítear d'Activa – Grillküche GmbH na costais a íoc.

---

(1) IO C 37, 24.1.2022.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 26 Aibreán 2023 – Wenz Kunststoff v EUIPO – Mouldpro (MOULDPRO)**

**(Cás T-794/21)** (1)

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí maidir le cúlghairm – Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh "MOULDPRO" – Fíor-úsáid a bhaint as an trádmharc – An cineál úsáide – Úsáid na dtáirgí ar cláraíodh an trádmharc lena n-aghaidh – Airteagal 58(1)(a) de Rialachán (AE) 2017/1001 – Ionchas dlisteanach)***

(2023/C 216/57)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Wenz Kunststoff GmbH & Co. KG (Lüdenscheid, an Ghearmáin) (ionadaithe: J. Bühling agus D. Graetsch, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: R. Raponi agus V. Ruzek, i gcáil Gníomhairí)